



## BreastCheck

Faisnéis thábhachtach  
faoi do choinne  
scagthástála cíche

# Clár Ábhair

<b>Eolas faoi BreastCheck</b>	<b>3</b>
Eolas faoi scagthástáil chíche	3
Eolas faoi ailse chíche	4
<b>Roimh do choinne</b>	<b>5</b>
Glaigh orainn roimh do choinne	6
Leanaí a thabhairt chuig ár n-aonaid	6
Bíodh a fhios agat gurb í an scagthástáil do rogha féin	7
<b>Cad atá le déanamh ar lá do choinne</b>	<b>7</b>
<b>Cad a tharlaíonn ag do choinne</b>	<b>8</b>
Do thoiliú a thabhairt	9
Mamagram a thuiscint	10
<b>I ndiaidh do choinne</b>	<b>11</b>
Do thorthaí	11
Freagair don Suirbhé ar Eispéireas Othar	12
<b>Tairbhí scagthástála cíche</b>	<b>12</b>
<b>Teorainneacha scagthástála cíche</b>	<b>13</b>
Ailse nár aimsíodh (toradh scagthástála bréagdhiúltach)	13
Mínormáltachtaí neamhailse a aimsiú (toradh scagthástála bréagdheimhneach)	13
Ródhiagnóis	14
<b>Ailse aimsithe idir scagthástáil (ailse eatraimh)</b>	<b>15</b>
<b>Más trasinscneach, neamhdhénártha nó idirghnéasach thú</b>	<b>16</b>
Trasinscneach	16
Neamhdhénártha	16
Idirghnéasach	16
<b>Rudaí a mhéadaíonn do riosca ailse chíche</b>	<b>17</b>
<b>Bí feasach faoi do chíoch</b>	<b>17</b>
<b>Cá bhfuairamar do shonraí teagmhála</b>	<b>18</b>
Conas a choinnímid do chuid sonraí sábháilte	18
Cumarsáid a dhéanamh leat	18
<b>Tuilleadh eolais</b>	<b>18</b>

## Eolas faoi BreastCheck

Is é BreastCheck clár náisiúnta scagthástála cíche saor in aisce na hÉireann. Tá scagthástáil chíche agus aon tástálacha nó cóireáil leantach a d'fhéadfadh a bheith uait saor in aisce.

Tá BreastCheck do mhná idir 50 agus 69 bliain d'aois nach bhfuil aon chomharthaí ailse chíche orthu. Tá a fhios againn ó thaighde gur mná san aoisraon seo is mó a bhaineann leas as clár náisiúnta scagthástála cíche. Tá sé mar aidhm againn cuireadh a thabhairt duit le haghaidh do chéad scagthástáil faoi 52 bliain d'aois agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin suas go dtí 69 bliain d'aois.

Insíonn ár gcairt BreastCheck duit cad is féidir leat a bheith ag súil leis má roghnaíonn tú páirt a ghlacadh i BreastCheck. Is féidir leat an nasc chuig an gcairt a fháil ag baint úsáide as an gcód QR ar leathanach 19.

## Eolas faoi scagthástáil chíche

Is féidir le scagthástáil chíche daoine a shábháil trí ailse chíche a aimsiú go luath nuair is féidir í a bheith níos éasca a chóireáil. Is éard atá i gceist leis ná mamagram (X-ghathú) de do chíochoa a ghlacadh. Lorgaíonn mamagram comharthaí ailse chíche nuair is féidir leis a bheith róibheag le feiceáil nó le mothú.

## Eolas faoi ailse chíche

Tarlaíonn ailse chíche nuair a thosaíonn gnáthchealla cíche ag fás ar bhealach mínormálach.

- Tá ailse chíche ar cheann de na hailse is coitianta i measc na mban in Éirinn.
- Is féidir leat ailse chíche a fháil ag aois ar bith, ach méadaíonn an riosca de réir mar a théann tú in aois.
- Léiríonn taighde go bhfuil mná 50 bliain d'aois agus níos sine i mbaol níos airde ailse chíche a fháil.

Nuair a aimsítear ailse chíche ag céim luath, is gnách go mbíonn sé níos éasca í a chóireáil agus tá seans níos fearr ann go dtiocfaidh téarnamh.

Uaireanta is féidir le scagthástáil ailse chíche ailsí a aimsiú nach ndéanfaidh aon dochar choíche. Má tharlaíonn sé seo, tugtar ródhiagnóis air. Is féidir é a bheith mar thoradh imní, agus tástálacha nó cóireáil nach bhfuil uait. Tarlaíonn ródhiagnóis níos minice i mná 70 bliain d'aois agus níos sine. Ar an gcúis seo cuirimid scagthástáil ar fáil do mhná idir 50 agus 69 bliain d'aois.

## Roimh do choinne

Táimid anseo má theastaíonn tacaíocht uait chun freastal ar do scagthástáil chíche. Inis dúinn roimh do choinne má tá aon riachtanais bhreise agat, lena n-áirítear má:

- úsáideann tú cathaoir rothaí – tá ár n-aonad inrochtana don chuid is mó de na cineálacha cathaoireacha rothaí
- theastaíonn ateangaire uait
- theastaíonn faisnéis uait faoi scagthástáil chíche i dteanga seachas Béarla.

Inis dúinn freisin más mian leat faisnéis faoi scagthástáil chíche i bhformáid eile, mar shampla:

- formáid éasca-léite
- scéal grianghraf.

**Glaigh orainn ar Shaorghlao 1800 45 45 55  
nó seol ríomhphost chuig [info@breastcheck.ie](mailto:info@breastcheck.ie)**

## Glaigh orainn roimh do choinne

Glaigh orainn roimh do choinne chun a insint dúinn más rud é:

- go bhfuil ionphlandaithe chíche agat, mar b'fhéidir go gcaithfidimid níos mó ama a thabhairt duit le haghaidh do choinne
- go bhfuil comharthaí ionfhabhtaithe riospráide agat mar casacht, fiabhras nó scornach tinn
- go raibh mamagram agat le 12 mhí anuas. Má tá, níor chóir duit teacht le haghaidh scagthástáil. Is féidir linn do choinne a atheagrú.
- go raibh ailse chíche ort nó bhí ailse chíche ort. Ní gá duit teacht le haghaidh scagthástála, agus beidh orainn do choinne a chur ar ceal.

## Leanaí a thabhairt chuig ár n-aonaid

Má tá leanaí agat, déan socruithe cúram leanaí sula bhfreastalaíonn tú ar do choinne scagthástála.

Níl aonaid scagthástála cíche oiriúnach do leanaí. Tá trealamh X-gha a úsáideann radaíocht inár seomraí scagthástála.

Má tá sé deacair duit freastal gan do leanaí, déan teagmháil linn. Déanfaimid ár ndícheall am coinne a thairiscint duit a oibríonn duit.

## Bíodh a fhios agat gurb í an scagthástáil do rogha féin

Is í do rogha páirt a ghlacadh i BreastCheck. Inseoimid duit faoi na tairbhí agus na teorainneacha a bhaineann le scagthástáil ionas gur féidir leat rogha eolasach a dhéanamh. Tá sé de cheart agat glacadh leis an gcuireadh chun páirt a ghlacadh nó diúltú dó.

Is féidir leat tarraingt siar ó chuireadh a fháil le haghaidh scagthástála ag am ar bith trí ghlaoch orainn ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó ríomhphost a sheoladh chuig [info@breastcheck.ie](mailto:info@breastcheck.ie). Ní dhéanfaimid teagmháil leat amach anseo. Is féidir leat d'intinn a athrú trí theagmháil a dhéanamh linn.

## Cad atá le déanamh ar lá do choinne

- Caith barréide agus sciorta ar leith, nó bríste.
- Ná caith díbholaíoch nó talcphúdar mar a théann sé i bhfeidhm ar na híomhánna.
- Bí ann in am.

Má theastaíonn cabhair bhreise uait, is féidir leat duine a thabhairt leat. B'fhéidir nach mbeidh siad in ann fanacht leat taobh istigh den aonad.

D'fhéadfadh do choinne a bheith in aonad BreastCheck in aice le hospidéal, nó in aonad scagthástála soghluaiste. Níl áiseanna leithris againn inár n-aonaid shoghluaiste agus seans nach mbeidh leithris ar fáil in aice láimhe.

## Cad a tharlaíonn ag do choinne

- Iarrfaimid ort foirm toilithe a léamh agus a shíniú (féach an chuid thíos Ag tabhairt do thoilithe).
- Tógfaidh do choinne suas le 30 nóiméad – ní thógfaidh an mamagram ach cúpla nóiméad.

Déanfaidh radagrafaí:

- cúpla ceist shimplí a chur ort
- cad a tharlóidh a mhíniú
- do X-gha cíche a thógáil.

Iarrfaimid ort do chuid éadaí a bhaint de do choim suas. Tabharfaimid príobháideacht duit agus iad á bhaint díot.

Cuirfidh an radagrafaí do chíocha ceann i ndiaidh a chéile ar an meisín X-gha. Tógfaidh siad dhá X-gha de gach cíoch ag uillinneacha éagsúla.

## Do thoiliú a thabhairt

Nuair a thagann tú le haghaidh scagthástála, iarrfaimid ort do thoiliú a thabhairt trí fhoirm a shíniú. Mura féidir leat an fhoirm a shíniú, iarrfaimid ort do thoiliú a thabhairt ar bhealach eile. Is féidir leat toiliú a bhaint ag am ar bith.

Ní féidir ach leat féin do thoiliú a thabhairt mamagram BreastCheck a bheith agat.

Deimhníonn an fhoirm toilithe :


- ndúradh leat faoi na tairbhí agus na teorainneacha a bhaineann le scagthástáil chíche
- dtuigeann tú an fhaisnéis seo.

Deimhníonn sé freisin go bhfuil seiceáil déanta agat go bhfuil d'ainm, do sheoladh agus do shonraí eile ceart, ionas gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag cumarsáid leat.

Ar an bhfoirm toilithe, deimhníonn tú go dtuigeann tú go bhfaighfimid, go gcoinneoidimid agus go roinnfimid do chuid faisnéise pearsanta agus stair scagthástála le:

- iad siúd a sheachadann an clár BreastCheck
- do dhochtúir teaghlaigh
- clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann.

## Mamagram a thuiscint



Fíor 1: Amharc mamagraim

Cuirtear do chíocha, ceann i ndiaidh a chéile, ar phláta plaisteach ar an meaisín X-gha, féach fíor 1. Íslítear pláta plaisteach leibheálta eile ar do chíoch chun an X-gha a thógáil.

Comhbhrúíonn an pláta plaisteach do chíoch. Scaipeann an brú seo an fíochán cíche ionas gur féidir linn é a fheiceáil níos soiléire. Is féidir é seo a bheith míchompordach nó pianmhar ar feadh cúpla soicind. Níl aon fhianaise ann go ndéanann an brú seo dochar do na cíocha.

Is féidir leat a rá leis an radagrafaí má fhaigheann tú an brú ró-phianmhar agus stopfaidh siad. Mura bhfuil tú ag iarraidh leanúint ar aghaidh, ní rachaidh do scagthástáil ar aghaidh.

Le linn an X-gha tá do chíocha nochtadh lé méid beag radaíochta – ní chuireann an méid seo aon riosca suntasach do do shláinte.

# I ndiaidh do choinne

## Do thorthaí

Tá sé mar aidhm againn torthaí do mhamagram a phostáil chugat laistigh de 3 seachtaine. Seolfaimid cóip de do thorthaí chuig do dhochtúir teaghlaigh freisin.

Faigheann formhór na mban gnáththoradh. Glaofar ar ais ar thart ar 1 as gach 25 bean le haghaidh measúnú leantach (tuilleadh tástálacha) tar éis scagthástála.

Cuirfimid in iúl duit an bhfuil measúnú leantach de dhíth ort. Má theastaíonn measúnú leantach uait, tá sé mar aidhm againn é a thairiscint duit laistigh de 2 sheachtain. Beidh sé seo ar siúl ag ceann dár n-aonad BreastCheck.

Má iarrtar ort measúnú leantach a dhéanamh, d'fhéadfadh go mbeadh níos mó tástálacha agat a d'fhéadfadh a bheith san áireamh:

- mamagram eile
- ultrafhuaim
- scrúdú cíche
- bithóipse – seo nuair a thógaimid píosa fíocháin ó do chíoch agus é a sheiceáil faoi mhicreascóp féachaint an bhfuil ailse air.

Tá sé mar aidhm againn do thorthaí measúnaithe leantacha a sheoladh chugat laistigh de 2 sheachtain ó do choinne.

- Níl ailse ar fhorhór na mban a ghlaoitear ar ais le haghaidh measúnú leantach.
- Má dhéanaimid diagnóis ailse chíche, míneoimid do roghanna cóireála duit ionas gur féidir leat cinneadh eolasach a dhéanamh.
- Cuirtear máinliacht ar fáil mar an chéad chóireáil don chuid is mó de na cineálacha ailse chíche.

## Freagair don Suirbhé ar Eispéireas Othar

I ndiaidh do choinne, b'fhéidir go bhfaighfeá teachtaireacht téacs ag tabhairt cuireadh duit páirt a ghlacadh inár Suirbhé ar Eispéireas Othar BreastCheck. Cabhróidh d'aiseolas linn ár gclár scagthástála a fheabhsú. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoin suirbhé ag [hse.ie/breastcheck/](http://hse.ie/breastcheck/)

## Tairbhí a bhaineann le scagthástáil chíche

Tá sé mar aidhm ag scagthástáil chíche ailse chíche a aimsiú go luath nuair is féidir é a bheith níos éasca a chóireáil.

Is féidir le scagthástáil chíche:

- beathaí a shábháil
- ailse chíche a fháil ag céim luath
- rátaí marthanais ó ailse chíche a fheabhsú
- líon na mban atá ag fáil bháis de bharr ailse chíche a laghdú.

Nuair a aimsítear ailse chíche ag céim luath:

- de ghnáth bíonn sé níos éasca í a chóireáil agus d'fhéadfadh go mbeadh níos mó roghanna cóireála ann
- is gnách go mbíonn an seans go mairfidh siad níos fearr ná má fhaightear é ag céim níos déanaí.

## Teorainneacha le scagthástáil chíce

Ní fhaigheann mamagram gach ailse chíce. Níl aon ráthaíocht ann go bhfaighfear gach ailse. Is mar an gcéanna atá sé i ngach clár scagthástála cíche ar fud an domhain. Tá teorainneacha ag baint le cláir scagthástála cíche. Seo a leanas iad:

### Ailse cailte (toradh scagthástála bréagdhiúltach)

Tá ailse chíce i láthair ach ní bhfuarthas é sa mhagram. D'fhéach an mamagram normálta. Tarlaíonn sé seo do thart ar 2 as gach 1,000 bean a fhreastalaíonn ar scagthástáil in Éirinn, féach an léaráid thíos.

### Mínormáltachtaí neamh-ailse a aimsiú (toradh scagthástála bréagdheimhneach)

Léiríonn an mamagram mínormáltacht sa chíoch(a). Dealraíonn sé ailseach. Fuarthas amach i dtástálacha eile nach bhfuil sé ailseach. Tarlaíonn sé seo do thart ar 30 as gach 1,000 bean a fhreastalaíonn ar scagthástáil in Éirinn.

Ar an meán, as gach **1,000** bean a ndearnadh scagthástáil orthu le haghaidh ailse chíce



Déanfar

**7**

a dhiagnóisiú  
le hailse



Gheobhaidh

**993**

gnáththoradh



Beidh ailse ar thart ar **2**  
de na 993 bean nach n-  
aimsítear agus nach n-  
aithnítear (a fhaightear).

## Ródhiagnóis

D'fhéadfadh ródhiagnóis a bheith mar thoradh ar scagthástáil. Seo nuair a shainaithnítear ailsí atá neamhdhíobhálach agus nach mbeadh ina gcúis le fadhb le linn do shaoil, rud a fhágann cóireáil agus inní gan ghá. Ní féidir a rá i gcónaí cé iad na hailsí a bheidh bagrach don bheatha.

D'fhéadfadh ródhiagnóis tarlú freisin nuair a bhíonn ailse neamh-ionrach á bhrath agus á aithint. Tugtar 'carcanóma duchta in situ', nó DCIS ar ailse neamh-ionrach. Is cineál luath ailse chíche é DCIS a fhoirmíonn taobh istigh de na ductanna bainne i do chíoch.

Chun DCIS a dhearbhú, ní mór duit bithóipse a bheith agat. Seo nuair a thógtar píosa fíocháin chíche ó do chíoch lena scrúdú.

Tá cineálacha éagsúla DCIS ann: grád íseal, idirmheánach agus ard. Ní fhorbróidh gach bean le DCIS ailse ionrach, fiú mura ndéantar é a chóireáil. Is éard is ailse ionrach ann ná ailse a d'fhéadfadh scaipeadh go baill eile an choirp.

Ní féidir a rá cé acu DCIS a fhorbróidh ina ailse ionrach agus cé acu nach ndéanfaidh. Mar gheall air seo, gheobhaidh roinnt mná cóireáil le haghaidh DCIS nach mbeadh ina ailse ionrach riamh.

## Ailse braite idir scagthástáil (ailse eatrainmh)

Ní féidir le scagthástáil gach cás ailse chíche a aimsiú agus forbróidh roinnt daoine ailse chíche fós fiú má théann siad ar scagthástáil rialta. Tugtar ailse eatrainmh air seo.

Má dhéantar diagnóis ailse chíche ort laistigh de dhá bhliain ó ghnáth-mhamagram nó de thoradh measúnaithe BreastCheck, is féidir leat athbhreithniú a iarraidh ar do mhamagram scagthástála.

- Ríomhphost: [review.request@screeningservice.ie](mailto:review.request@screeningservice.ie)
- Scríobh chuig:  
An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála  
Teach Óstaí an Rí  
200 Sráid Parnell  
Saorphost FDN7612  
Baile Átha Cliath 1  
D01A3Y8.

## Más trasinscneach, neamhdhénártha nó idirghnéasach thú

Más trasinscneach, neamhdhénártha nó idirghnéasach thú, braitheann cibé an féidir mamagram a bheith agat nó nach féidir, ar fhachtóirí áirithe amhail an baol ailse chíche nó cóireáil hormóin (cineál agus fad).

### Trasinscneach

Más **bean thrasinscneach** thú atá cláraithe mar fhear tráth na breithe:

- is féidir mamagram a bheith agat má tá hormóin baineannaithe á nglacadh agat le breis agus 5 bliana.

Más **fear trasinscneach** thú atá cláraithe mar bhean tráth na breithe:

- is féidir mamagram a bheith agat mura bhfuil máinliacht cliabhraigh (barr) agat chun fíochán cíche baineann a bhaint.

### Neamhdhénártha

Más neamhdhénártha thú agus má cláraíodh tú mar bhean tráth na breithe:

- is féidir mamagram a bheith agat mura bhfuil máinliacht cliabhraigh (barr) agat chun fíochán cíche baineann a bhaint.

### Idirghnéasach

Más idirghnéasach thú agus má bhí tú cláraithe mar bhean tráth na breithe:

- is féidir mamagram a bheith agat má tá fíochán cíche baineann agat.

## Rudaí a mhéadaíonn do riosca ailse chíche

Léiríonn taighde gur féidir leis na rudaí seo a leanas do riosca ailse chíche a fháil a mhéadú:

- a bheith ina bean (is féidir le roinnt fir ailse chíche a fháil freisin, ach is annamh é)
- dul in aois
- stair ailse chíche a bheith agat i do theaghlach.

Rudaí eile a d'fhéadfadh do riosca ailse chíche a mhéadú ná:

- ól alcól
- a bheith róthrom tar éis sos míostraithe
- gan a dhóthain aclaíochta a dhéanamh.

## Bí feasach faoi do chíoch

Ag aois ar bith, tá sé tábhachtach a bheith feasach faoi do chíoch. Bíodh a fhios agat cad is gnách do do chíocha ionas gur féidir leat aon athruithe a fheiceáil.

Scrúdaigh do chíocha go rialta. Féach agus mothaigh do na hathruithe seo:

- cnapanna nó ramhrú neamhghnách i do chíoch
- loigíneacht, roic nó deargadh an chraiceann
- sine a bhfuil an chuma uirthi go bhfuil sí tarraingthe isteach nó leacaithe
- gríos nó craiceann screamhach nó crústaigh timpeall na sine
- athrú ar mhéid nó ar chruth do chíocha
- at i d'ascaill nó timpeall do dhealachán.

Tá an chuid is mó de na hathruithe neamhdhíobhálach, ach ba cheart duit aon athrú ar do chíocha a sheiceáil i gcónaí. Labhair le do dhochtúir teaghlach gan mhoill, fiú má bhí mamagram agat le déanaí.

## Cá bhfuairamar do shonraí teagmhála

Chun cuireadh a thabhairt duit le haghaidh scagthástála, ceadáíonn dlí an tAcht (Sláinte (Faisnéis a Sholáthar), 1997) dúinn d'ainm, do sheoladh agus do dháta breithe a fháil ó eagraíochtaí.

Áirítear ar na heagraíochtaí seo:

- an Roinn Coimirce Sóisialaí
- an Roinn Sláinte
- cuideachtaí árachais sláinte príobháideacha.

## Conas a choinnímid do chuid sonraí sábháilte

Coinnímid do chuid sonraí agus taifid sláinte sábháilte agus faoi rún. Ní mór d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018 agus an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) a chomhlíonadh.

Tá meas againn ar do cheart chun príobháideachta agus ar chosaint do chuid faisnéise pearsanta. B'fhéidir go mbeidh orainn do thaifid sláinte a roinnt más gá tacú le do chúram agus do chóireáil. Roinnfimid do thorthaí le do dhochtúir teaghlaigh mura n-insíonn tú dúinn gan é seo a dhéanamh.

## Cumarsáid a dhéanamh leat

Déanfaimid cumarsáid leat ar bhealach oscailte, macánta, tráthuil agus trédhearcach más rud é go:

- dtéann rud éigin mícheart le do chúram
- mbíonn díobháil agat mar thoradh ar do chúram
- dóigh linn go bhféadfadh dochar a bheith déanta.

## Tuilleadh Faisnéise

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, chun clárú le haghaidh BreastCheck nó más mian leat a sheiceáil an bhfuil tú ar an gclár, tabhair cuairt ar [hse.ie/breastcheck](https://www.hse.ie/breastcheck) nó Saorghlao 1800 45 45 55.

Scan na cóid QR chun féachaint ar fhíseáin faoi scagthástáil chíche agus chun faisnéis a fháil i bhformáidí inrochtana.



### Faisnéis i mBéarla

Físeán faoi BreastCheck (Béarla le fotheidil)



### Faiséis i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann

Físeán faoi BreastCheck le TCÉ



### Faisnéis i 25 teanga

Físeáin faoi BreastCheck i 25 teanga (le fotheidil)



### Bí feasach faoi do chíoch

Físeán faoi a bheith feasach faoi do chíoch agus conas do chíocha a sheiceáil (le fotheidil)



### Faisnéis inrochtana faoi BreastCheck

Áirítear leis seo scéalta grianghraf, atá éasca le léamh, agus gnáth-Bhéarla. Clúdaíonn sé na tairbhí agus na teorainneacha a bhaineann le scagthástáil agus faisnéis maidir le toiliú a thabhairt.



### Cairt BreastCheck (leagan Béarla)



### Cairt BreastCheck (leagan Gaeilge)

